II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/2129 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Nollaig 2020

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 maidir le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis ([1]), agus go háirithe Airteagal 8a(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis.

(2) An 9 Lúnasa 2020, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta sa Bhealarúis, ar toghcháin iad a measadh nach raibh siad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus gur milleadh iad i ngeall ar an mbrú faoi chois a rinneadh ar iarrthóirí neamhspleácha agus ar an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil a imríodh ar agóideoirí síochánta i ndiaidh na dtoghchán sin. An 11 Lúnasa 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar tugadh an mheasúnacht nach raibh na toghcháin saor ná cóir. Luadh freisin gurbh fhéidir bearta a dhéanamh i gcoinne na ndaoine a bhí freagrach as foréigean, gabhálacha gan údar, agus as torthaí na dtoghchán a fhalsú.

(3) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1387 ([2]) inar ainmníodh 40 duine a sainaithníodh a bheith freagrach as cos ar bolg agus imeaglú a imirt i gcoinne léirsitheoirí síochánta, baill an fhreasúra agus iriseoirí tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020 sa Bhealarúis, agus as an místiúradh a rinne an Coimisiún Lárnach Toghchán ar an bpróiseas toghchánach do na toghcháin sin.

(4) An 6 Samhain 2020, i bhfianaise a thromchúisí a bhí an staid sa Bhealarúis, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1648 ([3]), inar ainmníodh Aleksandr Lukashenko agus 14 dhuine eile, ar a n-áirítear daoine óna dhlúthchiorcal.

(5) An 19 Samhain 2020, chomhaontaigh an Chomhairle leanúint de na hullmhúcháin atá ar bun do bhabhta smachtbhannaí breise – mar fhreagairt ar bhrúidiúlacht údarás na Bealarúise agus chun tacú le cearta daonlathacha mhuintir na Bealarúise.

([1]) IO L 134, 20.5.2006, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1387 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a (1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO L 319 I, 2.10.2020, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1648 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO L 370 I, 6.11.2020, lch. 1).

(6) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, ba cheart 29 duine agus 7 n-eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. SCHULZE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an teideal seo a leanas leis:

"Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla:

"A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)";

(3) cuirtear na daoine nádúrtha seo a leanas leis:

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
"60	Anatol Aliaksandrovich SIVAK Anatoli Aleksandrovich SIVAK	Анатоль Аляксандравіч СІВАК	Анатолий Александрович СИВАК	Leas-Phríomh-Aire, iar-Chathaoirleach ar an Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 19.7.1962 Áit bhreithe: Zavoit, Narovlya District, Gomel/Homyel Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina iarphost ceannaireachta mar Chathaoirleach ar an Minsk City Executive Committee, is é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas áitiúil in Minsk faoina mhaoirseacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá ráitis phoiblí go leor déanta aige inar cháin sé na hagóidí síochánta a bhí ar siúl sa Bhealarúis. Ina phost ceannaireachta reatha mar Leas-Phríomh-Aire, leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka.
61	Ivan Mikhailavich EISMANT Ivan Mikhailavich EISMONT	Іван Міхайлавіч ЭЙСМАНТ	Иван Михайлович ЭЙСМОНТ	Cathaoirleach ar an National State Television and Radio Company, Ceann an Beltelradio Company Dáta breithe: 20.1.1977 Áit bhreithe: Grodno/Hrodna, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta reatha mar cheann ar an National State Television and Radio Company, is é atá freagrach as bolscaireacht de chuid an Stáit a scaipeadh sna meáin phoiblí agus leanann sé de shíorthacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka. Áirítear leis sin leas a bhaint as cainéil mheáin de thaca leis an Uachtarán leanúint dá théarma oifige, bíodh is gur toghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh an 9 Lúnasa 2020, mar aon leis an gcniogbheartaíocht fhoréigneach leanúnach a imríodh ina dhiaidh sin le linn agóidí síochánta dlisteanacha. Rinne Eismont ráitis phoiblí inar cháin sé na hagóideoirí síochánta agus dhiúltaigh sé tuairisciú a dhéanamh don agóid a bhí ar siúl. Anuas air sin, faoina bhainistíocht, thug sé bata agus bóthar d'fhostaithe de chuid Beltelradio Company a bhí i mbun stailce, rud a d'fhág go raibh sé freagrach as sárú ar chearta an duine.
62	Uladzimir Stsiapanavich KARANIK Vladimir Stepanovich KARANIK	Уладзімір Сцяпанавіч КАРАНІК	Владимир Степанович КАРАНИК	Gobharnóir réigiún Grodno/Hrodna, Iar-Aire Cúraim Sláinte Dáta breithe: 30.11.1973 Áit bhreithe: Grodno/Hrodna, iar-APSS (Bealarúis anois)	Ina iarphost ceannaireachta mar Aire Cúraim Sláinte, is é atá freagrach as leas a bhaint as seirbhísí cúraim sláinte chun agóideoirí síochánta a bhrú faoi chois, lena n-áirítear leas a bhaint as otharchairr chun agóideoirí síochánta a raibh ospidéal agus cúram sláinte de dhíth orthu a sheoladh chuig barda leithlise seachas chuig ospidéil. Tá ráitis phoiblí go leor

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
				Inscne: fireann	déanta aige inar cháin sé na hagóidí síochánta a bhí ar siúl sa Bhealarúis; chuir sé i leith léirsitheoir amháin go raibh sé ar meisce. Ina phost ceannaireachta reatha mar Ghobharnóir ar réigiún Grodno/ Hrodna Oblast, leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka.
63	Natallia Ivanauna KACHANAVA Natalia Ivanovna KOCHANOVA	Наталля Іванаўна КАЧАНАВА	Наталья Ивановна КОЧАНОВА	Cathaoirleach ar an Council of the Republic of the National Assembly sa Bhealarúis Dáta breithe: 25.9.1960 Áit bhreithe: Polotsk, Vitebsk / Viciebsk Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: baineann	Ina post ceannaireachta reatha mar Chathaoirleach ar an Council of the Republic of the National Assembly sa Bhealarúis, is í atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do chinntí an Uachtaráin i réimse na mbeartas intíre. Is í a bhí freagrach as an toghchán calaoiseach a reáchtáladh an 9 Lúnasa 2020, a eagrú. Rinne sí ráitis phoiblí inar sheas sí leis an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil a rinne an fearas slándála ar léirsitheoirí síochánta.
64	Pavel Mikalaevich LIOHKI Pavel Nikolaevich LIOHKI	Павел Мікалаевіч ЛЁГКІ	Павел Николаевич ЛЁГКИЙ	An Chéad Leas-Aire Faisnéise Dáta breithe: 30.5.1972 Áit bhreithe: Baranavichy, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina ról ceannaireachta mar chéad Leas-Aire Faisnéise, is é atá freagrach as an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta, go sonrach maidir le cinneadh na hAireachta Faisnéise deireadh a chur leis an rochtain ar shuíomhanna gréasáin neamhspleácha agus an rochtain idirlín sa Bhealarúis a theorannú tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, mar uirlis chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta, ar léirsitheoirí síochánta agus ar iriseoirí.
65	Ihar Uladzimiravich LUTSKY Igor Vladimirovich LUTSKY	Ігар Уладзіміравіч ЛУЦКІ	Игорь Владимирович ЛУЦКИЙ	Aire Faisnéise Dáta breithe: 31.10.1972 Áit bhreithe: Stolin, Brest Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Agus ról ceannaireachta aige mar Aire Faisnéise, tá sé freagrach as an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta, go sonrach maidir le cinneadh na hAireachta Faisnéise deireadh a chur leis an rochtain ar shuíomhanna gréasáin neamhspleácha agus an rochtain idirlín sa Bhealarúis a theorannú tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, mar uirlis chun cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta, ar léirsitheoirí síochánta agus ar iriseoirí.
66	Andrei Ivanavich SHVED Andrei Ivanovich SHVED	Андрэй Іванавіч ШВЕД	Андрей Иванович ШВЕД	Phríomh-Ionchúisitheoir na Bealarúise Dáta breithe: 21.4.1973 Áit bhreithe: Glushkovichi, Gomel / Homyel Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina ról mar Phríomh-Ionchúisitheoir na Bealarúise, is é atá freagrach as an gcos ar bolg leanúnach atá á imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, go háirithe seoladh imeachtaí coiriúla iomadúla ar léirsitheoirí síochánta, ar cheannairí an fhreasúra, agus ar iriseoirí tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020. Anuas air sin, rinne sé ráitis phoiblí inar bhagair sé pionós orthu siúd a bhí páirteach i ‘slógaí neamhúdaraithe’.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
67	Genadz Andreevich BOGDAN Gennady Andreievich BOGDAN	Генадзь Андрэевіч БОГДАН	Геннадий Андреевич БОГДАН	Leas-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate Dáta breithe: 8.1.1977 Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate, is é a dhéanann feidhmiú fiontair éagsúla a mhaoirsiú. Tugann an comhlacht sin, faoina cheannaireacht, tacaíocht airgeadais, ábhair, theicniúil, shóisialta, teaghlaigh agus leighis d'údaráis phoblachtacha agus orgáin an Stáit. Tá dlúthbhaint aige leis an Uachtarán agus leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka.
68	Ihar Paulavich BURMISTRAU Igor Pavlovich BURMISTROV	Ігар Паўлавіч БУРМІСТРАЎ	Игорь Павлович БУРМИСТРОВ	Ceann Foirne agus an Chéad Leas-Cheannasaí ar na Internal Troops den Aireacht Gnóthaí Baile Dáta breithe: 30.9.1968 Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Chéad-Leas-Cheannasaí ar na Internal Troops den Aireacht Gnóthaí Baile, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir na Internal Troops faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe an feachtas ina raibh gabhálacha treallacha agus drochíde mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
69	Arciom Kanstantinavich DUNKA Artem Konstantinovich DUNKO	Арцём Канстанцінавіч ДУНЬКА	Артем Константинович ДУНЬКО	Cigire Sinsearach maidir le Special Matters of the Department of Financial Investigations of the State Control Committee Dáta breithe: 8.6.1990 Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Chigire Sinsearach maidir le Special Matters of the Department of Financial Investigations of the State Control Committee is é atá freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fearas an Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 gona imscrúduithe arna seoladh i gcoinne ceannairí agus gníomhaithe sa fhreasúra.
70	Aleh Heorhievich KARAZIEI Oleg Georgevich KARAZEI	Алег Георгіевіч КАРАЗЕЙ	Олег Георгиевич КАРАЗЕЙ	Ceann an Prevention Department of the Main Department of Law Enforcement and Prevention of the Public Security Police den Aireacht Gnóthaí Baile Dáta breithe: 1.1.1979 Áit bhreithe: Minsk Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Cheann an Main Directorate of Law and Order Protection and Prevention den Aireacht Gnóthaí Baile, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
71	Dzmitry Aliaksandravich KURYAN Dmitry Aleksandrovich KURYAN	Дзмітрый Аляксандравіч КУРЯН	Дмитрий Александрович КУРЯН	Coirnéal Póilíní, Leas-Cheann an Main Department agus Ceann an Department of Law Enforcement san Aireacht Gnóthaí Baile Dáta breithe: 3.10.1974 Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Coirnéal Póilíní agus Leas-Cheann an Main Department agus Ceann an Department of Law Enforcement san Aireacht Gnóthaí Baile, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir na fórsaí póilíneachta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta,

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
					céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
72	Aliaksandr Henrykavich TURCHIN Aleksandr Henrihovich TURCHIN	Аляксандр Генрыхавіч ТУРЧЫН	Александр Генрихович ТУРЧИН	Cathaoirleach Minsk Regional Executive Committee Dáta breithe: 2.7.1975 Áit bhreithe: Novogrudok, Grodno/ Hrodna Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost mar Chathaoirleach Minsk Regional Executive Committee, is é atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an riarachán áitiúil, lena n-áirítear roinnt coistí. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimeas Lukashenka.
73	Dzmitry Mikalaevich SHUMILIN Dmitry Nikolayevich SHUMILIN	Дзмітрый Мікалаевіч ШУМІЛІН	Дмитрий Николаевич ШУМИЛИН	Leas-Cheann an department for mass events de GUVD (Main Department of Internal Affairs) de Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 26.7.1977 Insnce: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann an department for mass events de GUVD de Minsk City Executive Committee, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fearas áitiúil tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá doiciméadúchán ann gur ghlac sé féin páirt go pearsanta i gcoinneáil neamhdhleathach léirsitheoirí síochánta.
74	Vital Ivanavich STASIUKEVICH Vitalyi Ivanovich STASIUKEVICH	Віталь Іванавіч СТАСЮКЕВІЧ	Виталий Иванович СТАСЮКЕВИЧ	Leas-Cheannaire an Public Security Police in Grodno/Hrodna Dáta breithe: 5.3.1976 Áit bhreithe: Grodno / Hrodna, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheannaire an Public Security Police in Grodno/ Hrodna, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fórsa póilíneachta áitiúil faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. De réir finnéithe rinne sé féin maoirseacht go pearsanta ar choinneáil neamhdhleathach léirsitheoirí síochánta.
75	Siarhei Leanidavich KALINNIK Sergei Leonidovich KALINNIK	Сяргей Леанідавіч КАЛІННІК	Сергей Леонидович КАЛИННИК	Coirnéal Póilíní, Ceannaire an Sovetsky District Police Department of Minsk Dáta breithe: 23.7.1979 Inscne: fireann	Ina phost mar Cheannaire an Sovetsky District Police Department of Minsk, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fórsa póilíneachta áitiúil faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
					De réir finnéithe, rinne sé féin maoirseacht agus ghlac sé páirt go pearsanta i gcéasadh léirsitheoirí a coinníodh go neamhdhleathach.
76	Vadzim Siarhaevich PRYGARA Vadim Sergeevich PRIGARA	Вадзім Сяргеевіч ПРЫГАРА	Вадим Сергеевич ПРИГАРА	Leifteanantchoirnéal na bPóilíní, Ceann an District Police Department in Molodechno Dáta breithe: 31.10.1980 Inscne: fireann	Ina phost mar Cheannaire an District Police Department in Molodechno, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fórsa póilíneachta áitiúil faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. De réir finnéithe rinne sé féin maoirseacht go pearsanta ar léasadh léirsitheoirí a coinníodh go neamhdhleathach. Dúirt sé an-chuid rudaí dímheasúla do na meáin faoi léirsitheoirí freisin.
77	Viktar Ivanavich STANISLAUCHYK Viktor Ivanovich STANISLAVCHIK	Віктар Іванавіч СТАНІСЛАЎЧЫК	Виктор Иванович СТАНИСЛАВЧИК	Leas-Cheann an Police Department de Sovetsky District in Minsk, Ceann an Public Security Police Dáta breithe: 27.1.1971 Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann an Police Department de Sovetsky District in Minsk agus Ceann an Public Security Police, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fórsa póilíneachta áitiúil faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. De réir finnéithe, rinne sé féin maoirseacht go pearsanta ar choinneáil neamhdhleathach léirsitheoirí agus ar léasadh iad siúd a coinníodh go neamhdhleathach.
78	Aliaksandr Aliaksandravich PIETRASH Aleksandr Aleksandrovich PETRASH	Аляксандр Аляксандравіч ПЕТРАШ	Александр Александрович ПЕТРАШ	Cathaoirleach an Moskovski district court in Minsk Dáta breithe: 16.5.1988 Inscne: fireann	Ina phost mar chathaoirleach an Moskovski district court in Minsk, is é atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe agus bhíothas ag brath ar ráitis ó fhinnéithe bréagacha le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Bhí ról lárnach aige i léirsitheoirí, iriseoirí agus ceannairí an fhreasúra a choinneáil agus fíneáil a ghearradh orthu tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Dá bhrí sin, is é atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine, as an mbonn a bhaint den smacht reachta agus as an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
79	Andrei Aliaksandravich LAHUNOVICH Andrei Aleksandrovich LAHUNOVICH	Андрэй Аляксандравіч ЛАГУНОВІЧ	Андрей Александрович ЛАГУНОВИЧ	Breitheamh sa Sovetsky district court in Gomel/ Homyel Inscne: fireann	Ina phost mar bhreitheamh sa Sovetsky district court in Gomel / Homyel, is é atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is é atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
80	Alena Vasileuna LITVINA Elena Vasilevna LITVINA	Алена Васільеўна ЛІТВІНА	Елена Васильевна ЛИТВИНА	Breitheamh sa Leninsky district court in Mogilev Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Leninsky district court in Mogilev, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí, go háirithe as pionós a ghearradh ar Siarhei Tsikhanousky – gníomhaí freasúra agus fear céile Svetlana Tiskhanouska a bhí ina hiarrthóir don uachtaránacht. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
81	Victoria Valeryeuna SHABUNYA Victoria Valerevna SHABUNYA	Вікторыя Валер'еўна ШАБУНЯ	Виктория Валерьевна ШАБУНЯ	Breitheamh sa Central district court in Minsk Dáta breithe: 27.2.1974 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Central district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí, go háirithe as pionós a ghearradh ar Sergei Dylevsky – comhalta an Coordination Council agus ceannaire coiste stailce. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
82	Alena Aliaksandravna ZHYVITSA Elena Aleksandrovna ZHYVITSA	Алена Аляксандравна ЖЫВІЦА	Елена Александровна ЖИВИЦА	Breitheamh sa Oktyabrsky district court in Minsk Dáta breithe: 9.4.1990 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Oktyabrsky district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
83	Natallia Anatolievna DZIADKOVA Natalia Anatolievna DEDKOVA	Наталля Анатольеўна ДЗЯДКОВА	Наталья Анатольевна ДЕДКОВА	Breitheamh sa Partizanski district court in Minsk Dáta breithe: 2.12.1979 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Partizanski district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí, go háirithe as pionós a ghearradh ar Mariya Kalesnikava – ceannaire an Coordination Council. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
84	Maryna Arkadzeuna FIODARAVA Marina Arkadievna FEDOROVA	Марына Аркадзьеўна ФЁДАРАВА	Марина Аркадьевна ФЕДОРОВА	Breitheamh sa Sovetsky district court in Minsk Dáta breithe: 11.9.1965 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Sovetsky district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta, mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
85	Yulia Chaslavauna HUSTYR Yulia Cheslavovna HUSTYR	Юлія Чаславаўна ГУСТЫР	Юлия Чеславовна ГУСТЫР	Breitheamh sa Central district court in Minsk Dáta briethe: 14.1.1984 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Central district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí, go háirithe as pionós a ghearradh ar Viktar Babarika a bhí ina iarrthóir don uachtaránacht. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta, mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.
86.	Alena Tsimafeeuna NYAKRASAVA Elena Timofeevna NEKRASOVA	Алена Цімафееўна НЯКРАСАВА	Елена Тимофеевна НЕКРАСОВА	Breitheamh sa Zavodsky district court in Minsk Dáta breithe: 26.11.1974 Inscne: baineann	Ina post mar bhreitheamh sa Zavodsky district court in Minsk, is í atá freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus léirsitheoirí. Rinneadh sáruithe ar chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha a rinneadh faoina stiúir. Dá bhrí sin, is í atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta, mar aon leis an gcos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
87.	Aliaksandr Vasilevich SHAKUTSIN Aleksandr Vasilevich SHAKUTIN	Аляксандр Васільевіч ШАКУЦІН	Александр Васильевич ШАКУТИН	Fear gnó agus úinéir Amhodor holding Dáta breithe: 12.1.1959 Áit bhreithe: Bolshoe Babino, Orsha Rayon, Vitebsk/ Viciebsk Oblast, iar-APSS (Bealarúis anois) Inscne: fireann	Tá sé ar cheann de na fir ghnó cheannródaíocha a oibríonn sa Bhealarúis, agus tá leasanna gnó aige san earnáil tógála, tógála innealra, talmhaíochta agus in earnálacha eile. Tuairiscítear gurb é duine de na daoine is mó a thairbhigh as príobháidiú le linn seal Lukashenko mar uachtarán. Tá sé ina chomhalta de phraesaidiam an chomhlachais phoiblí atá ar son Lukashenka 'Belaya Rus' agus ina chomhalta de Council for the Development of Entrepreneurship in the Republic of Belarus. Mar sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas. I mí Iúil 2020, nocht sé tuairimí inar cháin sé agóidí an fhreasúra sa Bhealarúis, agus ar an gcaoi sin, rannchuidigh sé le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra
88.	Mikalai Mikalaevich VARABEI/ VERABEI Nikolay Nikolaevich VOROBEY	Мікалай Мікалаевіч ВАРАБЕЙ /ВЕРАБЕЙ	Николай Николаевич ВОРОБЕЙ	Fear gnó, comhúinéir Bremino Group Dáta breithe: 4.5.1963 Áit bhreithe: an Úcráin, iar-APSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Tá sé ar cheann de na fir ghnó cheannródaíocha a oibríonn sa Bhealarúis, agus tá leasanna gnó aige in earnáil an pheitriliaim, iompair guail, san earnáil baincéireachta agus in earnálacha eile. Is comhúinéir é ar Bremino Group - cuideachta a bhain tairbhe as buntáistí cánach agus as cineálacha eile tacaíochta ó réimeas na Bealarúise. Mar sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas.”;

(4) cuirtear an ceannteideal agus an tábla seo a leanas leis:

“B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
1.	CJSC Beltechexport	ЗАО Белтехэкспорт	Seoladh: Minsk, Minsk, Nezavisimosti ave., 86-B, Minsk 220012, Belarus Teil.: +375 173588383, +375 173738012 Suíomh gréasáin: https://bte.by/ Ríomhphost: mail@bte.by	Is eintiteas príobháideach é CJSC Beltechexport a onnmhairíonn airm agus trealamh míleata arna dtáirgeadh ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise go tíortha san Afraic, i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mheánoirthear. Tá ceangal láidir ag Beltechexport le hAireacht Cosanta na Bealarúise. Mar sin, tá CJSC Beltechexport ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis, trí bhuntáistí a thabhairt do réimeas na huachtaránachta.	17.12.2020
2.	Dana Holdings / Dana Astra	Дана Холдингз / Дана Астра	Seoladh: P. Mstislavtsa 9 (1st floor), Minsk, 220114 Belarus Cláruimhir: Dana Astra: 191295361 Suíomh gréasáin: https://dana-holdings.com/ Ríomhphoist: PR@bir.by Teil. : +375 172693290; +375 173939465	Tá Dana Holdings / Dana Astra ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus na tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta dáileachtaí talún chun roinnt coimpléasc cónaitheach mór agus ionad gnó mór a fhorbairt. Tá dlúthchaidreamh idir úinéirí Dana Holdings / Dana Astra agus Alexandr Lukashenko. Tá post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, sa chuideachta. Mar sin, tá Dana Holdings/ Dana Astra ag baint tairbhe as an gceangal atá aici le réimeas Lukashenka agus tá sí ag tacú leis.	17.12.2020
3.	GHU – an institiúd stáit ‘Príomh-Oifig Eacnamaíochta’k d’Oifig um Ghnóthaí Riaracháin de chuid Uachtarán Phoblacht na Bealarúise	ГХУ - Государственное учреждение ’Главное хозяйственное управление’ Управления делами Президента Республики Беларусь	Seoladh: Miasnikova str. 37, Minsk 220010, Belarus Teil.: +375 172223313 Suíomh gréasáin: http://ghu.by Ríomhphoist: ghu@ghu.by	Is é GHU an t-oibritheoir is mó ar mhargadh réadmhaoine neamh-chónaithigh sa Bhealarúis agus déanann sé maoirseacht ar chuid mhór cuideachtaí. D’iarr Alexandr Lukashenko ar cheann GHU, Victor Sheiman, maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na dtoghchán uachtaránachta in 2020. Mar sin, tá GHU ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis.	17.12.2020
4.	LLC Synesis	ООО ‘Синезис’	Seoladh:, Platonova 20B Minsk 220005, Belarus; Mantulinskaya 24, Moscow 123100, Russia. Cláruimhir (УНН/ИНН): 190950894 (an Bhealarúis); 7704734000/ 770301001 (an Rúis). Suíomh gréasáin: https://synesis.partners https://synesis-group.com/ Teil.: +375 172403650	Cuireann LLC Synesis ardán faireachais ar fáil d’údaráis na Bealarúise, trínar féidir cuardach a dhéanamh ar phíosaí ó fhíseáin agus anailís a dhéanamh orthu agus úsáid a bhaint as bogearraí aghaidh-aitheanta - ar an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as an gcos ar bolg atá á imirt ag an bhfearas stáit sa Bhealarúis. Tá cosc ar fhostaithe Synesis cumarsáid a dhéanamh sa Bhealarúisis, mar sin tá an chuideachta freagrach as an bonn a bhaint de chearta saothair. Liostaítear Belarusian State Security Committee (KGB) agus an Aireacht Gnóthaí Baile mar úsáideoirí córais a chruthaigh Synesis. Dá bhrí sin, tá	17.12.2020

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				an chuideachta ag baint tairbhe as an gceangal atá aici le réimeas Lukashenka agus tá sí ag tacú leis. Cháin príomhoifigeach feidhmiúcháin Synesis go poiblí iad siúd a bhí ag agóid i gcoinne réimeas Lukashenka agus rinne beag is fiú den easpa daonlathais sa Bhealarúis.	
5.	AGAT Electromechanical Plant OJSC	ОАО 'АГАТ-электромеханический завод'	Seoladh:. Nezavisimosti ave. 115. Minsk 220114, Belarus Teil.: +375 172720132 +375 175704145 Ríomhphost: marketing@agat-emz.by Suíomh gréasáin: https://agat-emz.by/	Tá AGAT Electromechanical Plant OJSC mar chuid de Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Mar sin, tá AGAT Electromechanical Plant OJSC ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta 'Rubezh', córas bacainní a ceapadh le haghaidh críréib a smachtú a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta an 9 Lúnasa 2020, agus ar an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	17.12.2020
6.	OJSC 140 Repair Plant	ОАО '140 ремонтный завод'	Seoladh: L. Chalovskoy str. 19, Borisov, Belarus Teil.:+375 177762032 +375 177765479 Ríomhphost: info@140zavod.org Suíomh gréasáin: https://140zavod.org	Tá OJSC 140 Repair Plant mar chuid de Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Mar sin, tá OJSC 140 Repair Plant ag baint tairbhe as an gceangal atá aici le réimeas Lukashenka agus tá sí ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta feithiclí iompair agus feithiclí armúrtha a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta an 9 Lúnasa 2020, agus an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	17.12.2020

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
7.	OJSC MZKT / MWPT (dá ngairtear freisin. VOLAT) - Minsk Wheel Tractor Plant	ОАО 'МЗКТ' - Минский завод колёсных тягачей	Seoladh: Partizanski ave 150, Minsk 220021, Belarus Teil.: +375 173301709 Facs: +375 172913192 Ríomhphost: link@mzkt.by Suíomh gréasáin: www.mzkt.by	Tá OJSC MZKT (dá ngairtear freisin VOLTA) mar chuid de Belarusian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Mar sin, tá OJSC MZKT (dá ngairtear freisin VOLTA) ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Briseadh as a bpost fostaithe OJSC MZKT a chuaigh i mbun agóide nuair a thug Alexandr Lukashenko cuairt ar a monarcha agus a chuaigh ar stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020, agus mar sin, tá an chuideachta freagrach as cearta an duine a shárú.	17.12.2020".